


## Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 7

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Teoirim 7” ar CD an Dalta.

Iniúchadh a dhéanamh:

- (i) Ar an ngaol idir an uillinn atá urchomhaireach leis an slios is faide de phéire sleasa agus an uillinn atá urchomhaireach leis an slios is giorra de phéire sleasa.
- (ii) Ar an slios atá urchomhaireach leis an uillinn is mó de phéire uillinneacha, agus ar an slios atá urchomhaireach leis an uillinn is lú de phéire uillinneacha.



1. Féach ar an gcomhad idirghníomhach, agus cuir fad shlios a i gcomparáid le fad shlios b. Cé acu is faide? Agus an bhfuil an uillinn atá urchomhaireach leis an slios sin níos mó ná, nó níos lú ná, an uillinn atá urchomhaireach leis an slios eile?

---



---

2. Féach ar an gcomhad idirghníomhach, agus cuir fad shlios a i gcomparáid le fad shlios c. Cé acu fad is mó? Agus an bhfuil an uillinn atá urchomhaireach leis an slios sin níos mó ná, nó níos lú ná, an uillinn atá urchomhaireach leis an slios eile?

---



---

3. Féach ar an gcomhad idirghníomhach, agus cuir fad shlios b i gcomparáid le fad shlios c. Cé acu den dá fhad sin is mó? Agus an bhfuil an uillinn atá urchomhaireach leis an slios sin níos mó ná, nó níos lú ná, an uillinn atá urchomhaireach leis an slios eile?

---




---

4. Bog aon cheann de na pointí A, B nó C sa chomhad idirghníomhach. Déan comparáid idir aon dá shlios sa triantán nua sin. Cé acu slíos is faide? Agus an bhfuil an uillinn atá urchomhaireach leis an slíos is faide níos mó ná, nó níos lú ná, an uillinn atá urchomhaireach leis an slíos eile? Déan in athuair do phointí difriúla.

---


5. Cén patrún atá ag teacht chun cinn as ceisteanna 1-4 maidir leis an slíos is faide den dá shlios, agus an uillinn atá urchomhaireach leis an slíos sin?

---

6. Cliceáil Athshocraigh  (cnaipe beag ar bharr an scáileáin, ar dheis). Cé acu uillinn is mó sa chomhad idirghníomhach? Agus an bhfuil sí urchomhaireach leis an slíos is faide? Bog na pointí A, B nó C agus seiceáil gur mar sin a bhíonn i gcónaí. Mínigh do fhreagra.

---

7. Tomhais luachanna na n-uillinneacha uile agus faid na sleasa uile ar na triantáin thíos. Tabhair na luachanna agus na faid (murar tugadh iad cheana), agus faigh amach an bhfuil an uillinn is mó urchomhaireach leis an slíos is faide i ngach cás.



### Dúshlán

8. Cé acu cathaoir díobh seo is cobhsaí? Mínigh an fáth a roghnaigh tú an chathaoir sin.

